RÚN (AE) 2023/1854 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0125/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 18 488 800 a bhí i mbuiséad críochnaitheach an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) (an 'Lárionad') don bhliain airgeadais 2021, arb ionann é agus méadú de 1,15 % i gcomparáid le 2020; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a eascraíonn buiséad an Lárionaid den chuid is mó;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2021 (an 'tuarascáil ón gCúirt') gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais an Lárionaid beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith na bliana airgeadais 2021 ráta cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanais na bliana reatha de 100 %, mar an gcéanna le 2020; ag tabhairt dá haire gur baineadh amach an sprioc le haghaidh ráta cur chun feidhme gealltanas a socraíodh le haghaidh 2021 sa chlár oibre (98 %); ag tabhairt dá haire gurbh ionann ráta leithreasaithe faoi chomhair íocaíochta na bliana reatha agus 80,02 %, arb ionann é agus méadú 10,56 % i gcomparáid le 2020;

2. á chur in iúl gur geal léi gur chothaigh oiriúnú do ríomh ranníocaíocht na dtíortha comhlachaithe le linn 2021 méadú beag ar na ranníocaíochtaí a fuarthas ón Iorua agus ón Oileán; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar mhéadú den sórt sin, gur chuir buiséad leasaitheach Uimh. 1/2021 EUR 13 100 le Teideal 2 den bhuiséad, rud a thug an buiséad deiridh ó 18 488 800 go 18 501 900;

3. ag tabhairt dá haire go ndearna an Lárionad córas nua cuntasaíochta a chomhtháthú in 2021, córas ABAC, a úsáideann an Coimisiún freisin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, an bharúil ón gCúirt nár taifeadadh i gceart sa chóras na dátaí deiridh cur chun feidhme maidir le gealltanais bhuiséadacha a tugadh anonn ó 2021 go 2022; á chur in iúl gur oth léi, de réir na Cúirte, go bhféadfadh sé gur tugadh na gealltanais sin anonn go neamhrialta go dtí 2022; á chur in iúl gur díol sásaimh di freagairt thapa an Lárionaid ar chinneadh na Cúirte trí na dátaí deiridh cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta do na gealltanais bhuiséadacha uile atá i gceist agus trí 11 ghealltanas buiséadacha a bhfuil luach iomlán EUR 45 923 acu a chur ar ceal; á áitiú go láidir go n-urramófaí prionsabal buiséadach na bliantúlachta; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Lárionad a phleanáil bhuiséadach agus a thimthriallta cur chun feidhme a fheabhsú tuilleadh chun moilleanna iomarcacha i gcur chun feidhme clár oibre nó pleananna soláthair a sheachaint;

([1]) IO C 114, 29.3.2022, lch. 4.

Feidhmíocht

4. ag tabhairt dá haire, agus í buíoch dá réir, gur chuir an Lárionad a chlár oibre i bhfeidhm go hiomlán in 2021; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Lárionad gur chuir sé dlús lena chuid oibre faisnéise scileanna i gcomhthéacs olltreochtaí trí chabhrú le geallsealbhóirí bearnaí agus bacainní a shainaithint chun faisnéis scileanna a neartú; ag moladh gur seoladh an fhaireachlann ghlas nua chun féachaint ar threochtaí i dtreo geilleagar níos glaise agus níos inbhuanaithe mar aon leis na himpleachtaí a bheadh aige do ghairmoideachas agus do ghairm oiliúint (VET), gur foilsíodh tuarascáil chun bacainní ar shoghluaisteacht fhadtéarmach printíseach a shainaithint, gur seoladh taighde maidir le micridhintiúir leis na torthaí curtha i láthair i mí na Samhna 2021 i gcomhdháil dhomhanda le 240 rannpháirtí ó 40 tír, go dtacaíonn an Lárionad le tionscnamh an Choimisiúin maidir le cuntais foghlama aonair agus gur seoladh tairseach gréasáin nua i bhfómhar na bliana 2021 ag a bhfuil cumais amharcléirithe sonraí níos láidre agus gnéithe níos nuálaí ag baint leis agus níos dírithe ar spriocghrúpa;

5. á mheabhrú a thábhachtaí atá ról an Lárionaid chun a áirithiú, *inter alia*, go ndéanfar scileanna digiteacha a chomhtháthú i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint ar fud an Aontais agus go ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme agus ar thionchar na dtionscnamh ábhartha, amhail an Moladh ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip, VET don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht agus an plean gníomhaíochta don oideachas digiteach; á chreidiúint go bhféadfadh ról a bheith ag an Lárionad freisin maidir le measúnú a dhéanamh ar thionscadail na mBallstát faoi cholún an chlaochlaithe dhigitigh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta; á chur in iúl gur geal léi an obair a rinne an Lárionad le déanaí chun cuidiú le hanailís a dhéanamh ar thionchar na paindéime agus an aistrithe dhigitigh ar chleachtais ghnó a oiriúnú do na réadúlachtaí nua i margadh saothair an Aontais, mar shampla tríd an suirbhé Eorpach ar chuideachtaí maidir le COVID-19 a rinneadh i gcomhar le Eurofound;

6. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Lárionad córas tomhais feidhmíochta suntasach lena n-áirítear eochairtháscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach a chuirtear ar fáil lena ghníomhaíochtaí maidir le tionscadail, gníomhaíochtaí agus leibhéil eagraíochtúla agus bearta eile chun a bhainistiú buiséid a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil táscairí comhshaoil chomh maith le táscairí inbhuanaitheachta sóisialta i measc na dtáscairí feidhmíochta;

Beartas foirne

7. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2021, go raibh 97 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme (mar a bhí in 2020), agus 78 ngníomhaire sealadacha ceaptha as 82 phost shealadacha agus naoi n-oifigeach as naoi n-oifigeach údaraithe faoi bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur oibrigh 18 ngníomhaire ar conradh ag an Lárionad in 2021;

8. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, na laigí a d'aithin an Chúirt i nósanna imeachta earcaíochta an Lárionaid; ag tabhairt dá haire gur bhain an Lárionad úsáid, i gcás amháin, as sainchomhairleoirí seachtracha chun iarratais a scagadh maidir leis na critéir réamhroghnaithe a leagadh amach san fhógra folúntais, ach i gcás eile, nár thug an Lárionad gach beart riachtanach chun meicníocht rialaithe inmheánaigh éifeachtach a bhunú chun na rioscaí gaolmhara a mhaolú–; ag tabhairt dá haire go bhfuil neamhréireachtaí móra idir an measúnú a rinne an Lárionad agus an measúnú a rinne sainchomhairleoirí seachtracha de bharr easpa treoirlínte soiléire mionsonraithe maidir le scóráil na gcritéar réamhroghnaithe; á mheabhrú go mbaineann easnaimh nós imeachta i nósanna imeachta earcaíochta an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne; ag iarraidh go bhfeabhsódh an Lárionad a nós imeachta earcaíochta inmheánach chun próisis mheastóireachta agus fógraí folúntais a shoiléiriú;

9. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di gur chinn an Lárionad comhairleoir dlí inmheánach a athbhunú in 2021; ag tabhairt dá haire gur dúnadh an fógra folúntais maidir le post an chomhairleora dlí inmheánaigh a líonadh an 29 Meán Fómhair 2022 agus á iarraidh ar an Lárionad leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar aon dul chun cinn ina leith sin don údarás um urscaoileadh;

10. ag tabhairt dá haire, a mhéid a bhaineann le cothromaíocht inscne a tuairiscíodh do 2021, go bhfuil bainistíocht shinsearach an Lárionaid comhdhéanta go míchothrom de cheathrar fear (66,7 %) agus de beirt bhan (33,3 %); ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil 80 fear (51 %) agus 76 bean (49 %) ar an mbord bainistíochta; á chur in iúl gur saoth léi líon ard comhaltaí an Bhoird (156 atá comhdhéanta de 84 chomhalta a bhfuil vóta acu, breathnóirí agus comhaltaí malartacha) rud nach n-éascaíonn cinnteoireacht nó bainistíocht shimplithe; ag tabhairt dá haire, thairis sin, maidir lena foireann ar an iomlán, gurb ionann an miondealú inscne agus 57 % mná agus 43 % fir; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil táscairí comhionannais inscne i measc na dtáscairí inbhuanaitheachta sóisialta; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a chinntiú ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear a ndeiseanna chun cinn go forleathan;

11. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an chothromaíocht gheografach agus gur cheart ionadaíocht chomhréireach a bheith ag na Ballstáit go léir chun ionadaíocht iomchuí a bheith aige ar náisiúnaigh ó na Ballstáit go léir;

12. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol spéise di go gcuireann an tIonad seirbhís tacaíochta comhairleoireachta 24/7 faoi rún ar fáil dá fhoireann agus dá bhaill teaghlaigh; ag tabhairt dá haire, de réir an bheartais maidir le dínit ag an obair, go n-ullmhaíonn comhordaitheoir líonra na gcomhairleoirí rúnda tuarascálacha bliantúla, go seoltar chuig an mbord bainistíochta iad agus go bhfoilsítear iad don fhoireann uile; ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil 2021, go ndeachaigh trí bhall foirne san Lárionad i gcomhairle le comhairleoir rúnda gan nós imeachta neamhfhoirmiúil a oscailt agus gur oscail beirt chomhalta nós imeachta neamhfhoirmiúil; ag iarraidh ar an Lárionad tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an obair leantach ar na nósanna imeachta neamhfhoirmiúla a osclaíodh;

Soláthar

13. ag tabhairt dá haire gur próiseáladh 23 nós imeachta soláthair in 2021;

14. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thuairiscigh an Chúirt roinnt teagmhas neamhchomhlíonta i mbainistiú conarthaí soláthair; ag tabhairt dá haire go háirithe gur íoc an Lárionad EUR 180 590 i leith foirm ordaithe gan na dearbhuithe sonracha a cheanglaítear ar an gconraitheoir faoin gcreatchonradh a fháil; á chur in iúl gurb oth léi go ndearna an t-easnamh difear do gach ceann de na 28 bhfoirm ordaithe a bhaineann leis an gcreatchonradh sin, ar fiú EUR 883 539 a luach iomlán; á chur in iúl gurb oth léi freisin neamhchosaint an Lárionaid ar rioscaí dlíthiúla maidir le cearta maoine intleachtúla;

15. á aithint gur mhaolaigh an Lárionad botún a fuair an Chúirt i gconradh soláthair 2020 trí chealú an chonartha neamhrialta le héifeacht ón 26 Feabhra 2021;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

16. ag tabhairt dá haire bearta reatha an Lárionaid agus na hiarrachtaí atá ar siúl aige chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa agus cosaint na sceithirí a áirithiú;

17. á chur i bhfios go bhfuil 94 chomhalta (lena n-áirítear breathnóirí) agus 60 comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid; á mheabhrú, de bhun Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), nach mór do na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha go léir a fhreastalaíonn ar chruinnithe boird bainistíochta, nó a fheidhmíonn an ceart vótála, dearbhú leasa a thíolacadh; á chur in iúl gur geal léi go ndearna lánchomhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta a ndearbhuithe a thíolacadh an 12 Meán Fómhair 2022, agus nach raibh ach trí dhearbhú ar iarraidh ó chomhaltaí malartacha; ag tabhairt dá haire, áfach, agus measúnú á dhéanamh ar dhearbhuithe leasa *ex ante* ó chomhaltaí de phainéal roghnúcháin, gur sainaithníodh coinbhleacht leasa amháin in 2021; á thabhairt faoi deara gur chinn an stiúrthóir feidhmiúcháin, tar éis tuairim an chomhordaitheora rialaithe inmheánaigh (ICC), comhalta den phainéal roghnúcháin sin a ionadú;

18. á chur in iúl gur geal léi gur thuairiscigh an Lárionad go ndearna sé rialuithe *ex post* in 2021 maidir le coinbhleachtaí leasa i nósanna imeachta roghnúcháin, agus gur léirigh an measúnú go bhfuil formhór na rialuithe i bhfeidhm agus go n-oibríonn siad go héifeachtach, agus go bhfuil roinnt réimsí ann chun tuilleadh feabhais a dhéanamh;

19. á mheabhrú, thairis sin, go n-iarrtar ar chomhaltaí an bhoird bainistíochta CVanna gearra a chur ar fáil, cé nach ceanglas foirmiúil é sin; ag tabhairt dá haire go raibh 34 CV as 94 chomhalta den bhord bainistíochta ar iarraidh an 16 Meán Fómhair 2022, agus go raibh 27 CV as 60 comhalta mhalartacha gníomhacha ar iarraidh; ag iarraidh ar an Lárionad trédhearcacht iomlán a áirithiú trí CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí uile an bhoird bainistíochta agus na saineolaithe seachtracha agus inmheánacha lena mbaineann a fhoilsiú;

([2]) Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 90).

20. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé a bheith rannpháirteach sa chomhaontú idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta éigeantach; á áitiú gur gá rialacha níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamhchomhoiriúnachtaí, coinbhleacht leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha; ag iarraidh ar an Lárionad a shásraí rialaithe inmheánacha a neartú, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a bhunú;

Rialú inmheánach

21. ag tabhairt dá haire gurbh ionann costas iomlán an rialaithe inmheánaigh agus EUR 988 545 don bhliain 2021 (EUR 55 461 costais dhíreacha agus EUR 933 084 costais indíreacha), arb ionann é agus 5,3 % de bhuiséad an Lárionaid; ag tabhairt dá haire thairis sin, in 2021, gur cláraíodh 26 teagmhas neamhchomhlíonta a bhain le conarthaí agus le bainistíocht airgeadais i gClár Easnaimh an Ionaid; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh moltaí arna n-eisiúint ag ICC chun feidhme agus go ndearnadh obair leantach orthu chun atarlú a sheachaint;

22. á mheabhrú go ndearna an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) measúnú riosca iomlán go cianda in 2020 lenar cumhdaíodh próiseas riaracháin, airgeadais, oibríochtúil agus teicneolaíocht faisnéise (TF) an Lárionaid; á chur in iúl gur geal léi gur baineadh de thátal as iniúchadh leantach a rinne IAS an 29 Eanáir 2021 gur chuir an Lárionad an moladh uile chun feidhme go leormhaith agus go héifeachtach;

23. ag aithint, de réir a bheartais mheastóireachta, go ndéanann an Lárionad meastóireachtaí *ex ante* ar nósanna imeachta soláthair ar a bhfuil luach os cionn EUR 500 000 agus meastóireachtaí *ex post* ar thionscadail nó gníomhaíochtaí lena mbaineann caiteachas iomlán os cionn EUR 500 000; ag tabhairt dá haire gur thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil 2021 ón gceann airgeadais agus soláthair go raibh nósanna imeachta soláthair a seoladh le linn na tréimhse a scrúdaíodh i gcomhréir le ceanglais na meastóireachta *ex ante*; ag tabhairt dá haire thairis sin go ndearbhaítear leis an meastóireacht *ex post* a tugadh chun críche in 2022 go raibh an ghníomhaíocht éifeachtach, éifeachtúil, comhleanúnach agus gur bhain breisluach Aontais léi;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di freagairt an Lárionaid do thorthaí na Cúirte i réimse an bhainistithe conarthaí soláthair trína nósanna imeachta inmheánacha a oiriúnú chun tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, go bhfuil a nósanna imeachta maidir le nósanna imeachta earcaíochta amach anseo tugtha cothrom le dáta ag an Lárionad, i bhfianaise bharúlacha na Cúirte sa réimse sin; ag iarraidh ar an Lárionad aghaidh a thabhairt go mear ar an easpa soiléireachta agus mionsonraithe maidir lena threoirlínte chun na critéir réamhroghnúcháin a leagtar amach i bhfógraí folúntais a scóráil mar a d'iarr an Chúirt ina tuarascáil 2021 maidir le gníomhaireachtaí an Aontais;

25. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, na laigí a d'aithin an Chúirt i mbainistíocht íocaíochtaí, go háirithe maidir le rialuithe *ex ante*, a d'fhéadfadh an Lárionad a fhágáil gan chosaint ar rioscaí dlíthiúla agus rioscaí dá clú;

26. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí an Lárionaid a áirithiú; á áitiú go láidir go bhfuil gá le córais éifeachtacha bainistíochta agus rialaithe chun cásanna coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, rialuithe *ex ante* nó *ex post* atá in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí a sheachaint;

An digiteáil agus an t-aistriú glas

27. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarracht á déanamh ag an Lárionad feabhas a chur ar chibearshlándáil an Lárionaid agus ar chosaint sonraí pearsanta, go háirithe trí chórais nua fíordheimhnithe ilfhachtóiriúla agus trí ghníomhaíochtaí oiliúna arna n-eagrú don fhoireann; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Lárionad tiomanta do bheartas cibearshlándála a eisiúint chun obair leantach a dhéanamh ar an Rialachán cibearshlándála atá le teacht ([3]); ag tabhairt faoi deara, chun bearta maolaitheacha iomchuí a shainiú chun an leibhéal is airde slándála faisnéise ar líne a sholáthar, go ndearna an Lárionad measúnú tionchair ar chosaint sonraí go luath in 2022;

([3]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (COM(2022)122)).

28. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil an Lárionaid a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Lárionad leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith seo chun bearna dhigiteach idir gníomhaireachtaí an Aontais a sheachaint; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá leis na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint; ag moladh don Lárionad oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil);

29. ag aithint go bhfuil iarrachtaí leanúnacha á dhéanamh ag an Lárionaid chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus na haistrithe digiteacha agus glasa a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi gur thuairiscigh an Lárionad in 2021, i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, laghdú 78 % de na speansais a bhaineann le misin agus cruinnithe, agus go bhfuil sé beartaithe aige taisteal foirne a laghdú 70 % (i gcomparáid le leibhéil ghéarchéime réamh-COVID) sa chlárthréimhse 2023-2025; á chur in iúl gur geal léi uaillmhian an Lárionaid a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030;

30. ag meabhrú thiomantas seanbhunaithe an Lárionaid do chleachtais bainistithe comhshaoil; ag aithint córas bainistíochta comhshaoil an Lárionaid lena gcabhraítear lena spriocanna comhshaoil a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi an táscaire comhshaoil 'astaíochtaí ina dtonaí CO_2' a bheith ann óir cruthaíonn sé go bhfuil an Lárionad ag féachaint le cuspóirí glasa a bhaint amach agus is úsáideach an tagarmharc é chun forbairt astaíochtaí iarphaindéime agus lorg CO_2 an Lárionaid a rianú;

31. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gur chomhordaigh an Lárionad suirbhé laistigh de Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais maidir le Comhairle Eolaíoch chun gníomhaíochtaí a mhapáil lena dtugtar aghaidh ar éifeachtaí socheacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe agus lena léirítear conas a d'fhéadfadh an saineolas sin tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

32. á chur in iúl gur díol sásaimh di go ndearna an Lárionad plean bainistíochta géarchéime a mhúnlú agus a ghníomhachtú chun déileáil le paindéim COVID-19 trí bhearta a ghlacadh, amhail teilea-oibriú agus ócáidí agus misin fhisiciúla a chur ar ceal, chun leanúnachas gnó a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur leanadh d'imeachtaí uile an Lárionaid a reáchtáil go fíorúil in 2021, ach gur léirigh anailís leanúnach agus chórasach ar aiseolas na rannpháirtithe rátaí arda rannpháirtíochta ar líne agus ráta sástachta foriomlán 98 %;

33. ag tabhairt dá haire, i ndlúthchomhar le saineolaithe Eurofound, gur eisigh an Lárionad páipéar oibre ina ndearnadh na chéad torthaí ó shuirbhé Eorpach ar chuideachtaí 2020 maidir le obair leantach COVID-19 a thuairisciú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur cruthaíodh leathanach tiomnaithe maidir le freagairt ar COVID-19 ar shuíomh gréasáin an Lárionaid chun cur ar chumas úsáideoirí féachaint trí na gníomhaíochtaí gaolmhara éagsúla ar bhealach níos éasca;

Barúlacha eile

34. ag tabhairt dá haire cleachtas seanbhunaithe an Lárionaid maidir le comhar agus malartú faisnéise le gníomhaireachtaí eile amhail Eurofound agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF); ag meabhrú go háirithe an comhaontú ar leibhéal seirbhíse a shínigh ENISA an 4 Bealtaine 2020 chun acmhainní a roinnt; á chur i bhfios go bhfuil baint ag na hacmhainní sin, ó 2021, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí freisin; ag iarraidh ar an Lárionad tuairisc rialta a thabhairt ar chur chun feidhme an chomhaontaithe; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur comhaontaíodh meabhrán tuisceana in 2022 leis an Údarás Eorpach Saothair, agus gur sainaithníodh comhar i gcomhthéacs an Líonra Eorpach um Sheirbhísí Fostaíochta agus Skills-OVATE mar phríomhthosaíocht;

35. á chur in iúl gur geal léi an comhordú agus an comhoibriú rialta idir an Lárionad agus Eurofound, ETF agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair; ag iarraidh ar an Lárionad leanúint de shineirgí a fhorbairt, comhar a mhéadú, dea-chleachtas a mhalartú agus plé maidir le réimsí leasa fhrithpháirtigh a chur chun cinn le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú maidir le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil, mar shampla;

36. á iarraidh ar an Lárionad dlús a chur lena hiarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i dteanga shoiléir agus inrochtana; ag tathant ar an Larionad trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí níos fearr a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as cainéil na meán agus na meán sóisialta;

37. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál tras-ghearrtha a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([4]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.